Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2024
(OR. en)

6822/24

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0180(NLE)

ACP 23
WTO 23
RELEX 221
COAFR 72
FDI 17

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla a thabhairt i gcrích<br>- Glacadh |

1. An 16 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla, mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2] an Chomhaontaithe sin.

2. An 9 Deireadh Fómhair 2023, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an Chomhaontaithe. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) CFAE, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 10942/23, mar aon leis an gComhaontú féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, d'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe amach anseo.

---

1 10770/23 + ADD 1.
2 10771/23 + ADD 1.
3 10940/23 (arna fhoilsiú in IO L, 2023/2209, 17.10.2023).
4 10941/23 + COR 2.

3. Síníodh an Comhaontú an 17 Samhain 2023.

4. An 7 Feabhra 2024, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú don dréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an gComhaontú a thabhairt i gcrích.

5. An 20 Feabhra 2024, d'fhormhuinigh Meitheal ACC an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, mar mhír 'A' ar a clár oibre:

– an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe um Infheistíocht Inbhuanaithe a Éascú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Angóla, mar a leagtar amach in 10942/23 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa; agus

– a ordú go bhfoilseofar an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle in éineacht le téacs an Chomhaontaithe mar a leagtar amach in 10941/23 + COR 2 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.